



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010

Lóchrann don Uile Ghlúin

Acmhainní do Phobal na hIarbhunscoile: Sa Bhaile, Ar Scoil, agus sa Pharóiste



Acmhainní Iarbhunskoile

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010



● Fáilte	1
● Réamheolas	2
Sula dTosaíonn Tú	
Áit Naofa	
Cad is Brí le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’? Bileog Eolais	
Cad is Scoil Chaitliceach Ann?	
● Sa Deoise	6
Conas is Féidir ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ a cheiliúradh mar Dheoise?	
● Sa Pharóiste	7
Conas is Féidir ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ a cheiliúradh i do pharóiste?	
● Sa Bhaile	9
Lóchrann don Uile Ghlúin	
○ Ar Scoil	10
Urnaí na Maidine le Tús a Chur le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’	
Machnamh in Aghaidh an Lae	
2 Feabhra Lá Féile Toirbhirt an Tiarna	
3 Feabhra Lá Féile Blaise Naofa	
Lá na Seantuismitheoirí	
Tionóil	
Bíobla na Fraince - Cuardach Focal	
Lóchrann don Uile Ghlúin	
An gCreideann Tú i mBia?	
Bliain na Sagart 2009 - 2010	
Cuardach Focal ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’	
Plean Ceachta	
Cuardach Focal Gairme	
31 Eanáir 2010 Aifreann le tús a chur le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’	
○ Bord Bainistíochta/Gobharnóirí	31
Machnamh do Bhaill an Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí agus don Fhoireann	



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010

A Chathaoirligh Ionúin, a Phríomhoide, a Aithreacha, a Bhaill den Fhoireann Paróiste,

Láithreacha tábhachtacha atá inár scoileanna. Caithimid cuid mhaith ama iontu. Tá cuid shuntasach de na blianta múnlaiteacha, idir ceithre bliana agus cúig bliana d'aois, agus idir seacht mbliana déag agus ocht mbliana déag d'aois san áireamh anseo.

Nuair a fheidhmíonn scoileanna i ngiorracht do, nó ag barr foirfeachta, mórghníomhartha daonna iontacha atá iontu. Áiteanna sábháilte atá iontu don aos óg inar féidir leo súgradh, guí agus foghlaim a dhéanamh, inar féidir le hógánaigh fás agus forbairt níos doimhne a dhéanamh i saol morálta, intleachtach, mothúchánach. Baineann múinteoirí úsáid as an gcumas pearsanta agus proifisiúnta atá iontu chun dúshlán a chur roimh ghlúin nua, chun iad a mhúnlú. Tugann tuismitheoirí agus daoine fásta eile dá gcuid ama agus dá gcuid airgid chun tacú leis an bhfiontar oideachasúil seo. Bímid ag súil le go mbeidh cumas san ógánach atá seacht mbliana nó ocht mbliana déag d'aois, atá saor, réasúnach agus ábalta tabhairt faoi chaidreamh aibí, dul ar aghaidh thar tairseach chuig ardoideachas nó an saol oibre.

Ionas gur féidir le scoileanna feidhmiú i ngiorracht do, nó ag barr foirfeachta tá gá le tacaíocht agus dúshlán ón bpobal leathan. Seal tábhachtach do Chaitlicigh in Éirinn is ea 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha', le go bhféadfaidís dlúthpháirtíocht a léiriú le hiomlán na ndaoine atá páirteach sa scolaíocht. 'Sé téama na bliana seo ná 'Scoileanna Caitliceacha-Lóchrann don Uile Ghlúin'.

Tugann 'Scoileanna Caitliceacha-Lóchrann don Uile Ghlúin', le fios go mbaineann múinteoirí, daltaí, sagairt, agus an pobal leathan leis an iarracht seo. Bíonn cuid mhaith cainte sa lá atá inniu ann faoin ngá atá ann go bhfeidhmeoidh an teaghlach, an scoil agus an paróiste le chéile, chun spriocanna an oideachais Chaitlicigh a bhaint amach. Séard atá sa tseachtain seo ná iarracht inbhraite den gcomharghluaiseacht úd.

Ag an am seo de chúlú tromchúiseach eacnamaíoch, bíonn cathú ann i gcónaí an croí is an t-anam a bhaint den oideachas le go bhféadfaí í a chur in oiriúint don mhargadh. Ach cén cruth a bheadh ar an oideachas gan cheol, gan mhatamaitic, gan eolaíocht, gan litríocht ná eolas diaga, gan teicneolaíocht, ealaín ná tíreolaíocht? Ní contrárthacht ná iomaíocht atá i gceist anseo, ach disciplíní a chuirfeadh ábhar don anam is don intinn ar fáil, ach go háirithe san atmaisféar éiginnte eacnamaíoch atá ann faoi láthair.

Ní ar mhaithe leis an margadh a bunaíodh na scoileanna Caitliceacha, ach chun cabhair a chur ar fáil le go gcuirfí le forbairt an duine daonna a mhaireann ar scáth a mhuintire agus leas an phobail i gcoitinne á chur chun cinn acu. Mar thacaíocht do na scoileanna, bhunaigh an Eaglais in Éirinn "Seirbhís Tacaíochta na nIontaobhaithe" i dTuaisceart Éireann, agus le déanaí "Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha" sa Phoblacht. Déanfaidh an comhlachas comhpháirtíochta seo gach iarracht tacaíocht a chur ar fáil do gach uile bhunscoil agus scoil dhara leibhéal Caitliceach i bPoblacht na hÉireann.

D'éirigh thar barr le 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' i 2009. Bíodh baint agaibh le bhur dtoil, le himeachtaí na seachtaine a bhaineann le do cheantair féin i 2010!



Michael Drumm

An tAthair Michael Drumm
Cathaoirleach Feidhmiúcháin
Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceach



Sula dTosaíonn Tú

Sula dTosaíonn Tú

Tá na hacmhainní sa phacáiste curtha le chéile dóibh san atá ag obair i gcomhpháirtíocht le pobal na scoile. Is féidir na hacmhainní a úsáid le:

- Mic léinn sa seomra ranga
- Baill fhoirne
- Tuismitheoirí
- Gobharnóirí/Baill den Bhord Bainistíochta
- Pobal leathan an Pharóiste

Ionas go mbeidh na hacmhainní insroichte go hiomlán cuireadh pacáiste chuig gach aon phríomhoide, chuig cathaoirligh na mBord Bainistíochta/Gobharnóirí agus chuig na sagairt.

Tá na hacmhainní a bheadh oiriúnach do na spriocghrúpaí éagsúla le sonrú go soiléir sa phacáiste. Chabhródh sé dá bhféadfaí cruinniú a reáchtáil roimh ré a thabharfadh le chéile ionadaithe ón bhfoireann, ón mBord Bainistíochta/Gobharnóirí, ón gcomhlachas tuismitheoirí, ó fhoireann an pharóiste leis an séiplíneach sula dtosódh 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'.

P

Nuair a fheiceann tú an tsiombail thíos, is féidir an leathanach cóipeáilte a chur abhaile chuig tuismitheoirí

Chiallódh sé seo go bhféadfaí socruithe a dhéanamh cad iad na gnéithe de na hacmhainní a dhéanfadh pobal do scoile féin a aibhsiú i rith na seachtaine.

I measc na gceisteanna a bheadh le plé ag a leithéid de chruinniú bheadh caint faoi:

- Aifreann tosaigh 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'
- Cumarsáid le tuismitheoirí
- Cruinniú ar Lá Féile Blaise Naofa/Lá na Seantuismitheoirí
- Lá na Seantuismitheoirí, 3 Feabhra
- Tionscnaimh sa pharóiste a dhéanfadh ceiliúradh ar an tseachtain
- Am a chur ar fáil le go bhféadfadh an fhoireann is an Bord Bainistíochta/Gobharnóirí machnamh a dhéanamh faoi 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'

Tá súil againn go mbeidh na hacmhainní seo úsáideach daoibh agus sibh ag ceiliúradh 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' i mbliana. Is féidir na hacmhainní a íoslódáil as Gaeilge agus as Polainnis ag www.catholicbishops.ie.

D'ullmhaigh na daoine seo leanas na hacmhainní: Mairéad Ní Bhuachalla, Brigid Gilligan, Maura Gray, Tonya Hanly, Maurice Harmon i gcomhairle leis an gCoiste Stiúrtha do 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' 2010. Is iad baill an Choiste Stiúrtha ná:

Monsignor Jim Cassin, Fr Ger Condon, Fr Martin Delaney, Fr Paul Farren, Ms Eileen Flynn, Sr Maighréad Ní Gallochóhair, Ms Tonya Hanly, Ms Maura Hyland, Mr Ferdia Kelly, Ms Maeve Mahon, Ms Bernie Martin, Mr Tony McCann, Ms Orla Walsh agus an tSr Eithne Woulfe.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010

Áit Naofa

Tá Áit Naofa cruthaithe ag an-chuid scoileanna ar an mbealach isteach chun na háite. Is féidir aitheantas a thabhairt d'Éiteas na scoile ar bhealach simplí ag baint úsáide as an Áit Naofa. Tugann an ceiliúradh seo de 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' deis dúinn Áit Naofa a chruthú mura mbíonn ceann againn cheana féin, agus is féidir fócas nua bheith ann do láithreacha seanbhunaithe.

Is cinnte go mbeidh na nithe seo ann mar bhuneilimintí san Áit Naofa:

- Éadach glas a chiallaíonn go bhfuilimid i dtráth saor na bliana.
- Coinneal
- An Bíobla Naofa
- Crois nó cros chéasta
- Uisce coisricthe
- Dealbh

Le haghaidh 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' b'fhéidir go bhféadfá cuid de na rudaí seo bheith ann chomh maith:

- Cóip fhráimthe de Ráiteas Éitis na scoile
- Liosta iomlán de bhaill fhoireann na scoile
- Póstaer mar fhógra do 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'
- Bosca nó ciseán achainí le go bhféadfai cuireadh a thabhairt do bhaill phobal na scoile a gcuid achainí a chur isteach ann i rith na seachtaine chun guí a dhéanamh ar a son ag tionól nó seirbhís urnaí
- Mana na scoile, suaitheantas na scoile, éarlámh na scoile

De réir mar a théann an tseachtain ar aghaidh, d'fhéadfai na rudaí seo leanas a chur leis

An Luan

- Crosóg Bhríde/Crosa
- Póstaer ag fógairt Lá na Seantuismitheoirí don Chéadaoin

An Chéadaoin

- Coinneal do Lá Féile Blaise Naofa

An Aoine

- Más rud é gur bailíodh obair na seachtaine le chéile i leabhar, d'fhéadfai a chur san Áit Naofa.

Ionaid Taispeántais

Múinteoirí a spreagadh chun taispeántais a chur ar fáil taobh istigh nó taobh amuigh den seomra ranga a thugann léargas ar shaol Caitliceach na scoile.

Áit Naofa

Ionad Taispeántais





Cad is brí le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’? Bileog Eolais

Cad is brí le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’? Bileog Eolais

Tugann ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ deis dúinn aitheantas a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh ar an ionchur a dhéanann na scoileanna Caitliceacha den chéad agus den dara leibhéal ní amháin don tsochaí Éireannach ach do mhisean na hEaglaise chomh maith. Chuireamar tús suntasach anuraidh le ceiliúradh uile-Éireann ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ agus táimid ag súil i mbliana le tógáil ar an mbunchloch úd agus ionad a chruthú inar féidir linn leanúint leis an deis a ghlacadh lenár n’éiteas agus ár n’oidhreacht a cheiliúradh is a chur in iúl.

Cén Téama atá le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ i 2010?

Cén Téama atá le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ i 2010?

Téama na seachtaine i mbliana ná ‘Scoileanna Caitliceacha – Lóchrann don Uile Ghlúin’. Bíonn Scoileanna Caitliceacha tiomanta ó thaobh an oideachais de, do mhúnlú an duine óig i ngach aon ghné den saol. Mar sin, is lóchrann an Scoil Chaitliceach do thuismitheoirí, do mhúinteoirí, don tsochaí i ngach uile ghlúin. Roghnaíomar an téama seo chun fíis an oideachais Chaitlicigh a cheangail le misean an tSoiscéil solas Chríost a thabhairt timpeall an domhain agus ligean don solas seo lonrú go geal i ngach gné den obair a dhéanaimid sna scoileanna Caitliceacha. Cuireann an téama seo i gcuimhne dúinn go bhfuil dúshlán romhainn ligean don solas lonrú don ghlúin atá ann faoi láthair, le go leanfaimid leis an tasc seo do na glúine atá romhainn. Tugann sé deis dúinn chomh maith cuimhne bhuíoch bheith againn ar na daoine a d’oibrigh chun scoileanna agus ionaid oideachais a bhunú a thug solas Chríost chuig an iliomad glúine d’Éireannaigh san am atá thart.

An le hAghaidh Scoileanna Amháin, ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’?

An le hAghaidh Scoileanna amháin, ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’?

Tarlóidh na himeachtaí atá luaite le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ i scoileanna, sna paróistí, sa deoise agus go náisiúnta. Cabhróidh na hacmhainní atá sa phacáiste seo leis an gceiliúradh a scaipeadh i measc teaghlaigh ar fud na tíre. Tá acmhainní ann chomh maith a chuideoidh leis an deoise agus leis an bparóiste bheith gníomhach maidir leis an gceiliúradh seo. D’iarr an Pápa Benedict XVI guí i mbliana ach go háirithe ar mhaithe le sagairt, agus mar sin tá acmhainní ann le pobal na scoile a spreagadh chun freagra dearfach a thabhairt don iarratas seo. Táimid ag súil le gur féidir na hacmhainní éagsúla a úsáid le go dtabharfaí aitheantas do mhisean lárnach na scoileanna san Eaglais, ag an mbaile, agus sa pharóiste i rith na seachtaine seo.

Ról na Seantuismitheoirí i ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’?

Ról na Seantuismitheoirí i ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’

Don chéad uair beimid ag tabhairt cuireadh do na Seantuismitheoirí páirt a ghlacadh. Tá **an Chéadaoin 3 Feabhra** á ainmniú mar **‘Lá na Seantuismitheoirí’** agus tá súil againn go ndéanfaidh scoileanna cuireadh a thabhairt do sheantuismitheoirí teacht ar scoil lena ngarchlann chun páirt a ghlacadh i gcuid de na himeachtaí a luamar sa phacáiste acmhainní seo. Tá áthas orainn aitheantas a thabhairt d’Oilithreach Náisiúnta na Seantuismitheoirí a thug tacaíocht agus cabhair dúinn, agus táimid ag súil le go mbeidh an ócáid seo mar chuid den chomóradh bliantúil.

Conas is Féidir Liom Páirt a Ghlacadh?

Conas is Féidir Liom Páirt a Ghlacadh?

Bí ag faire amach sna meáin áitiúla agus náisiúnta le haghaidh imeachtaí atá bainteach le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’. Cuir ceist ar an bPríomhoide áitiúil/Comhlachas Tuismitheoirí/Bord Bainistíochta/Gobharnóirí /Ionadaí conas a bheidh ceiliúradh a dhéanamh ar scoil maidir le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’.

Tá eolas breise ar fáil ar www.catholicbishops.ie.



Cad is Scoil Chaitliceach ann?

Sa Scoil Chaitliceach

- Cuirtear fíis shainiúil saoil ar fáil agus fealsúnacht chuí oideachais atá bunaithe ar Shoiscéal Íosa Críost.
- Déantar gach iarracht timpeallacht foghlama a chruthú ina spreagtar agus ina gcabhraítear le páistí a gcumais iomlán uathúil a fhorbairt mar dhaoine daonna, déanta in íomhá Dé.
- Déantar iarracht mic léinn a mhúnlú chun go n-úsáidfídh siad a gcuid tallann go neamhleithleach ar mhaithe leis an bpobal, chun sochaí chóir chomhbhách a chruthú.
- Tá pobal fáilteach cuimsitheach fulangach ann le meas ar gach traidisiún reiligiúnach agus creidimh.

- Bíonn comhoibriú comhpháirtíoch le tuismitheoirí agus le pobal an pharóiste chun solas an chreidimh a tugadh dúinn ag an mBaiste a adhaint.

- Cuirtear deiseanna adhartha ar fáil trí phaidreoireacht agus trí cheiliúradh an liotúirge agus na sacraimintí.

Bunaithe ar *Fís o8: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn* (Litir Thréadach ó Chomhdháil na nEaspag Caitliceach in Éirinn).

Cad is Scoil Chaitliceach ann?

Sa Scoil Chaitliceach





Conas Ceiliúradh a Dhéanamh ar 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' Mar Dheoise

Conas Ceiliúradh a Dhéanamh ar 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' Mar Dheoise

Moltaí

Moltaí

Cuir litir chuig gach uile scoil agus paróiste agus spreag iad chun ceiliúradh a dhéanamh ar 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' agus ag an am céanna buíochas a ghabháil leis na scoileanna as an méid atá á dhéanamh acu maidir le hoideachas Caitliceach a chothú.

Smaoinigh ar **Aifreann Deoise** a réachtáil le hionadaithe ón uile scoil, ón gcéad leibhéal chomh maith leis an dara leibhéal, a chuirfeadh deis ar fáil dóibh bheith páirteach sa phobal leathan. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh ag leibhéal na ndéan.

D'fhéadfad an tEaspag **litir phearsanta** a sheoladh chuig gach aon bhall de Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí ag gabháil buíochais leo as ucht a gcuid ama a thabhairt don scoil, agus iad á spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar éiteas

Caitliceach na scoile agus conas tacú leis. Ba cheart litir den saghas seo a chur chuig seoladh baile an bhaill, agus gan cóip a dháileadh ag cruinniú den Bhord.

Poiblíocht sna meáin a dhéanamh faoi 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' in ailt i nuachtáin, agallaimh ar raidió, agus araile.

Tabhair cuireadh do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, do bhaill Bhoird Bainistíochta/Gobharnóirí agus Comhairlí Tréadacha ar fud na deoise chuig **imeacht thráthnóna** bunaithe ar thopaic a bhaineann leis an Oideachas Caitliceach m.sh., ar *Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn*. (Litir Thréadach ó Chomhdháil na nEaspag Caitliceach in Éirinn).





Conas ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ a Cheiliúradh ar Scoil agus sa Pharóiste

Is é an Domhnach 31 Eanáir, an cheathrú Domhnach saor sa bhliain eaglasta, an chéad lá de ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ 2010. Tugtar spreagadh do gach paróiste díriú ar ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ i liotúirge an Domhnaigh agus i rith na seachtaine ina dhiaidh sin. An chúis a bhaineann le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ ná chun aibhsiú a dhéanamh ar an idirghaol atá ann maidir leis an scoil, an baile agus an paróiste le saol na scoile Caitlicí, agus bheadh sé mar aidhm ann, an pobal iomlán bheith páirteach i gceiliúradh an tsaoil sin. Tá bealaí éagsúla ann chun é seo a chur i gcrích. Tá cúpla moladh anseo daoibh:

An Domhnach 31 Eanáir

- Spreag na scoileanna chun bheith páirteach in ullmhú an liotúirge don gCeathrú Domhnach Saor. Tabhair cuairteanna ar na scoileanna i rith na seachtainí roimh ré, labhair leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí agus tabhair cuireadh dóibh agus cabhraigh leo an liotúirge a ullmhú. Cuir na léachtaí, paidreacha an phobail, agus an méid atá ar leathanaigh 27-30 ar fáil dóibh.
- Tabhair foláireamh roimh ré don Choiste Liotúirgeach faoin méid a bhíonn idir lámha agaibh ionas gur féidir leo planáil a dhéanamh i dtaobh an liotúirge agus an cheoil de, don cheiliúradh faoi leith atá ar bun agaibh. Déan deimhin de gur féidir le cách páirt a ghlacadh sa cheol.
- Féach an féidir leat ceist a chur ar an gComhairle Thréadach/Coiste Liotúirgeach cuirí a chur amach chuig na tuismitheoirí, Seantuismitheoirí agus daoine eile teacht chuig ceiliúradh an pharóiste maidir le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’.
- Spreag na scoileanna i do pharóiste amharciómhána a chur ar taispeáint maidir le topaic áirithe, mar shampla naomh áitiúil, áit naofa sa timpeallacht, pobal creidimh an lae inniu. Cuir spás ar fáil sa séipéal nó i halla an pharóiste ionas gur féidir na hamharciómhána seo a chur ar taispeáint.
- Déan iarracht an méid is mó páistí ón scoil nó ó scoileanna eile sa pharóiste bheith páirteach ionas go mbeidh éagsúlacht mhór smaoinimh agus íomhána ann. Ba cheart go mbeadh rogha ag daoine na smaointe

seo a léiriú i bhfoirm cheoil, i ndrámá nó i ndamhsa.

- Cuir nóta le nuachtlitir an pharóiste. Is féidir téacs mar seo a úsáid:

‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’

Is é an Domhnach, an 31 Eanáir an chéad lá de ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’. An aidhm atá leis ná ceiliúradh a dhéanamh maidir leis an chúnamh a thugann na scoileanna Caitliceacha don tsochaí seo. An téama atá ann i mbliana ná ‘ Scoileanna Caitliceacha – Lóchrann don Uile Ghlúin’. I rith na seachtainí atá romhainn beidh fáilte romhat bheith páirteach linn chun ceiliúradh a dhéanamh faoin méid a chuireann na scoileanna Caitliceacha le saol an phobail chreidimh anseo i bparóiste

Déan cur síos ar imeachtaí/ceiliúradh.

An Chomhairle Thréadach

- Cuir ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ in aithne don Chomhairle Thréadach agus iarr orthu smaoinemh a léiriú faoi conas is féidir é a cheiliúradh sa pharóiste.
- Tabhair cuireadh do chuirteoir teacht chun cainte leis an gComhairle Thréadach faoi thábhacht na scoileanna Caitliceach agus an méid is féidir leo a dhéanamh chun bheith mar ‘lóchrann don uile ghlúin’. Tabhair cuireadh don Bhord Bainistíochta/ Gobharnóirí agus do na múinteoirí teacht chun an chruinnithe.

Conas ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ a Cheiliúradh ar Scoil agus sa Pharóiste

An Domhnach 31 Eanáir

An Chomhairle Thréadach





Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010

Conas 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' a cheiliúradh ar scoil agus sa pharóiste

An Scoil

An Pobal



Ar Scoil

• Tabhair cuairt ar na ranganna scoile agus labhair faoi 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' agus an bhrí atá leis. Is féidir na ceisteanna seo a ardú chun an machnamh a threorú: Conas a chabhraíonn an Scoil Chaitliceach linn mar phaistí ionas gur féidir linn bheith mar Lóchrann don Uile Ghlúin? Conas ar mhaith linne ár gcuid saoil a chaitheamh sa todhcháí chun bheith mar Lóchrann don Uile Ghlúin?

• Déan machnamh faoi ainm naofa a thabhairt ar scoil an pharóiste mura mbíonn ainm mar sin uirthi cheana féin. Tabhair cuireadh do phobal iomlán an pharóiste bheith páirteach sa tionscadal seo.

• Spreag an scoil áitiúil chun **Áit Naofa nó clár fógraíochta** a bhunú ar an mbealach isteach chun na scoile, nó in áit shuntasach, a rachaidh i bhfeidhm ar an uile dhuine a thagann ar cuairt chun na scoile. Léireodh sé éiteas Caitliceach na scoile agus conas mar a dhéanann sé ceiliúradh ar an saol creidimh ag amanna tábhachtacha i rith na bliana, mar shampla Aidhint/An Carghas, An Chéad Chomaoin/Cóineartú.

• Mura mbíonn ceann ann cheana féin déan machnamh faoi ráiteas misin/fís na scoile a chur le chéile.

• Má tá na hacmhainní ann, d'fhéadfadh an paróiste coinneal a bhronnadh ar gach teaghlach le páiste a fhreastalaíonn ar na scoileanna áitiúla, chomh maith le **bileog urnaí** leis na paidreacha a fhoghlaimíonn na daltaí ar scoil scríofa air, lena spreagadh chun iad a rá le chéile mar

chomhluadar, agus bheith mar 'Lóchrann don Uile Ghlúin.' Is féidir na coinne seo a bheannú i séipéal an pharóiste ar an Mháirt, **Lá Féile Toirbhirt an Tiarna**.

• Bailigh pobal na scoile, tuismitheoirí, oidí agus Bord Bainistíochta/Gobharnóirí le chéile le haghaidh seirbhís urnaí nó 'Oíche Spioradálta' i rith na seachtaine. Tabhair cuireadh do chuaríteoir faoi leith seisiún a réachtáil faoin bpaidreoireacht treoraithe. Cuir cupán tae ar fáil ina dhiaidh!

An Pobal

• Ós rud é go dtarlaíonn **Lá Féile Bríde** i rith na seachtaine, eagraigh oíche faoi leith le go bhféadfadh teaghlaigh crosta a dhéanamh i halla an pharóiste nó ar scoil, agus bíodh seirbhís ghearr urnaí ann chomh maith. Mar mhalairt ar seo d'fhéadfá ceist a chur ar an bPríomhoide cuireadh chun na scoile a thabhairt do sheanóirí an pharóiste le go bhféadfaidís déanamh na gcros a mhíniú do na páistí.

• **Cuir ciorclán thart** chuig gach teaghlach ag míniú do dhaoine cad is Scoil Chaitliceach ann, agus an tairbhe a bhí ann don phobal, atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhcháí.

Seans go mbeadh sé oiriúnach **Clár Ullmhúcháin na Sacraimintí** a sheoladh sa pharóiste i rith na seachtaine seo, dírithe ar an gCéad Chomaoin nó an Cóineartú, m.sh. *Bíodh Sibhse Mar Fhinnéithe Liomsa*. B'fhéidir gur deis mhaith atá anseo le go bhféadfadh daltaí ón iarbhunscoil meantóireacht a dhéanamh ar dhaltaí atá á ullmhú do na Sacraimintí.



Lóchrann don Uile Ghlúin

P

Ba cheart an t-eolas atá ar an leathanach seo a chóipeáil agus a chur abhaile chuig tuismitheoirí

Cad is ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ Ann?

Tugann ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ deis don uile dhuine atá páirteach san Oideachas Caitliceach aitheantas a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh ar an ionchur a dhéanann na scoileanna Caitliceacha do gach aon ghné den saol in Éirinn. Chuireamar tús suntasach anuraidh le ceiliúradh na seachtaine seo ar fud na hÉireann. D’éirigh thar barr leis agus táimid ag súil i mbliana le tógáil ar an mbunchloch úd agus ionad a chruthú inar féidir linn leanúint leis, is an deis a ghlacadh lenár n-éiteas agus ár n-oidhreacht a cheiliúradh is a chur in iúl. Tá súil againn go ndéanfaidh gach aon bhall de phobal na scoile, daltaí, tuismitheoirí, baill fhoirne, Bord Bainistíochta/Gobharnóirí am a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh faoin mbrí atá le bheith páirteach i Scoileanna Caitliceacha agus conas is fearr tacú leis an obair iontach a bhíonn ar siúl iontu.

Conas is Féidir a Rá go bhfuil Scoil Chaitliceach Againn?

Tá na ráitis seo leanas bunaithe ar Fís o8, doiciméad a d’fhoilsigh Easpaig Éireann anuraidh. Cabhraíonn siad le tuiscint bheith againn faoi na cúinsí a bhaineann le scoil bheith Caitliceach. Glac nóiméad le do thoil i rith ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ chun na ráitis seo a léamh.

Tugann na Scoileanna Caitliceacha cineál uathach oideachais a chaitheann solas an chreidimh ar gach a dtarlaíonn maidir le pobal na scoile.

Bíonn na Scoileanna Caitliceacha fréamhaithe i luachanna pearsanta atá bunaithe ar Shoiscéal Íosa Chríost.

Sna Scoileanna Caitliceacha spreagtar na páistí chun a gcuid cumais iomlán uathúil a fhorbairt.

Tugann na scoileanna Caitliceacha cabhair do gach aon bhall den phobal scoile, Críost a aithint i ngach aon cheann de mhionchúrsaí an lae.

Cuireann Scoileanna Caitliceacha rompu féin timpeallacht oscailte, spreagúil, sona, comhbhách a chruthú ina spreagtar na daltaí chun a gcuid cumais agus tallann a fhorbairt ar bhealach cothrom, flaithiúil, comhtháite.

Cabhraíonn na Scoileanna Caitliceacha leis na mic léinn bheith mar chuid fhreagrach, comhbhách den tsochaí.

Oibríonn na Scoileanna Caitliceacha go dlúth le tuismitheoirí agus le pobal an pharóiste chun ardoideachas a chur ar na daltaí atá faoina gcúram.

Paidir do Thuismitheoirí

(ó phaidir le Marian Wright Edelman)

*A Dhia a Chruthaitheoir na Cruinne,
gabhaimid buíochas as na leanaí,
Saoil le roinnt, Colainn le cothú, Meabhair le
múnú, Anamacha le saibhriú.
Go dtuillfidimid i gcónaí an mhuinín atá acu
ionainn,
Go dtacóimid lena ndóchas, Go misneoimid
a gcuid físeanna.
Cuir do ghrásta is do ghrá anuas Ar na taiscí
is mó atá againn,
Mar leoithne a thabharfadh croí agus neart
dóibh, Foighne agus síocháin don ród atá
rompu.*

Áiméan

Lóchrann don Uile Ghlúin

Cad is ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ Ann?

Conas is Féidir a Rá go bhfuil Scoil Chaitliceach Againn?

Paidir do Thuismitheoirí

Ábhar Machnaimh

- Bain triail as ainm scoile do pháiste a chur le tosach gach ráiteas anseo. An dtugann na ráitis seo léiriúchán faoi scoil do pháiste féin?
- Cad is féidir leatsa mar thuismitheoir a dhéanamh sa bhaile a thacóidh le hobair na scoile?
- Conas mar a léirítear solas an chreidimh i ngach a dtarlaíonn sa bhaile?
- Conas is féidir leatsa cabhrú le do pháiste bualadh le hÍosa i rith mionchúrsaí an lae?



Paidir na Maidine le Tús a Chur le 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'

Paidir na Maidine le Tús a Chur le 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'

Ceannaire Cuirimid fáilte ar maidin roimh an uile dhuine anseo chun tús a chur le 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'. Tosóimid ár n-urnaí le comhartha na Croise. 'Sé téama 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' ná "Solas", mar sin canaimis le chéile an t-iomann tosaigh.

🔴 Bí Liom a Íosa

B'fhéidir gur mhaith leis an bPríomhoide nó ionadaí an Oideachais Dhiaga/ Comhordaitheoir, an tSeirbhís Urnaí do 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' a chur i láthair agus é seo á rá

Réamhrá Ar maidin, iarraimid beannacht ó Dhia anuas orainn ag Scoil

Ar fud na tíre i rith na seachtaine seo beidh scoileanna dár leithéid ag ceiliúradh 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'.

Gabhaimid buíochas as an uile dhuine a bhaineann lenár gcomhlúadar anseo ag Scoil Iarraimid anois ar coinneal faoi leith a lasadh a dhófaidh go geal in Áit Naofa na Scoile. Tá an choinneal seo mar shiombail de láithreach Dé. Bíonn Dia linn i ngach áit, i gcónaí, agus tá sé linn ar maidin ar bhealach faoi leith inár scoil.

Cuirtear an choinneal san Áit Naofa nuair a bhíonn an tseirbhís urnaí thart. Tá breis eolais faoi conas mar is féidir Áit Naofa a thógáil le fáil ar leathanaigh roimhe seo.

🔴 D'Fhéadfaí **ceol uirlise** a sheinm go ciúin ag an bpointe seo.

Ceannaire Caithimis cúpla nóiméad ag machnamh go ciúin faoi na rudaí ar fad a fhoghlaimímid anseo i Scoil Uaireanta bíonn ceacht le foghlaim ó na botúin a dhéanaimid. Cuimhnimis ar na daoine ar fad a thugann cabhair dúinn leis an bhfoghlaim, go háirithe an Príomhoide, an leasphríomhoide, ár gcuid múinteoirí, cúntóirí ranga, rúnaí na scoile agus an feighlí. Gabhaimid buíochas leat a Dhia as an méid oibre agus an cúram a dhéanann siad anseo ag Scoil

Inniu an chéad lá de mhí Feabhra chomh maith, Lá Féile Naomh Bríd. Duine fiúntach lách a bhí i Naomh Bríd, duine a thug aire do na bochtáin, dóibh san a raibh tinneas nó uaigneas orthu. Guímid gur féidir linne bheith ar nós Bhríde ar an mbealach ina gcabhairimid le daoine eile i rith na seachtaine seo.

Ceannaire Cuimhnimid air, gur thug Bríd aire i gcónaí do na daoine a bhí in am an ghátair. Iarraimid uirthi anois guí ar ár son agus ar son an méid atá uainn ar maidin.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010



Paidir na Maidine le Tús a Chur le 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'

Freagra Guigh Orainn

A Naomh Bríd, a bhean an urnaí	<i>Freagra</i>
A Naomh Bríd, fial agus lách	<i>Freagra</i>
A Naomh Bríd, a thug bia don duine ocrach	<i>Freagra</i>
A Naomh Bríd, a chuir fáilte roimh chách	<i>Freagra</i>
A Naomh Bríd, a labhair faoi Íosa	<i>Freagra</i>
A Naomh Bríd, a mhair ar nós Íosa	<i>Freagra</i>
A Naomh Bríd, a chosnaíonn an uile dhuine againn	<i>Freagra</i>
A Naomh Bríd, ardaíthe ar neamh	<i>Freagra</i>

Nár dheas an rud é cuireadh a thabhairt don duine is óige den fhoireann, an dán seo a léamh?

Bríd, Beannacht Christy Kenneally

*Bríd, lóchrann sa dorchadas
Dóchas don dream atá thíos leis
Bean chreidimh
Éireannach
Mar uisce a thiteann ón spéir ualaithe
Thug beannacht chuig barr is chuig gach
neach daonna
Mar uisce a thiteann ó lán glaise
Chun beannacht a chur
Ar an gCríostaí nuabheirthe
Croithimid uisce
Anois díreach
Ins an áit seo
Beannaithe de bharr ár gclanna féin
Ná bíodh greim ag dorchadas an chroí
riamh orthu
Go lasfaidh solas an chreidimh an bealach
rompu
Ag lonrú mar cholún tine os a gcomhair
Le dorchadas an tsaol a scaipeadh
Mar a scaip sé na scáthanna romhatsa, A
Bhríd
Lóchrann sa dorchadas
Dóchas don dream atá thíos leis
Bean chreidimh
Éireannach.*

*Nóta: B'fhéidir gur mhaith an rud é
cuireadh a thabhairt do bhall den Bhord
Bainistíochta/Gobharnóirí/Comhairle na
dTuismitheoirí an Salm a léamh*

Salm: 90:13-17

Go dtaga grásta ár dTiarna anuas orainn
agus go soirbhí tú saothar ár lámh; sea, go
soirbhí tú saothar ár lámh!

An Phaidir Dheiridh

*Guímis le chéile chun buíochas a ghabháil as
na daoine ar fad atá anseo ar maidin agus
focail an Tiarna féin á rá againn: Ár nAthair*

Ceannaire Sula bhfillimid ar na seomraí
ranga, chun aghaidh a thabhairt ar obair
an lae, bronnamis comhartha síochána ar
a chéile.

Moltaí don Iomann Deiridh Críost Liom



Machnamh in Aghaidh an Lae

(D'fhéadfaí iad seo a léamh ag tús ranga nó ar an ngléas idirchumarsáide gach lá)

Machnamh in Aghaidh an Lae

An Luan Tarlaíonn Lá Féile Bríde ar an gcéad lá den Earrach. Cuireann an lá seo athnuachan, fás nua, laethanta ag fadú i gcuimhne dúinn. Bean chomhbháach lách le creideamh láidir a bhí i Naomh Bríd. Rólchuspa iontach dúinn féin atá inti agus sinn ag obair chun an timpeallacht agus gach bronnatanas a chruthaigh Dia dúinn a shlánú. Bheadh sé tráthúil dúinn féin an deis a thapú cuimhneamh ar an athbhreith a tháinig chugainne trí ghrásta an bhaiste.

A Thiarna Ghrámhar, agus muid ag cur tús le 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' déanaimid urnaí i gcuimhne ar Bhríd Naofa. Iarraimid ort bheith inár láthair agus treoir cheart a thabhairt dúinn. Go mbeidh luach athnuaithe againn ar scéal ár mbeatha i gCríost. Líon le grá don domhan seo sinn. Bímis cráifeach dílis díreach mar a bhí Bríd. Agus sinn ag cur tús leis an tseachtain seo a cheiliúránn solas an chreidimh a bronnadh orainn, go gcaithimid a thabhairt ar aghaidh don ghlúin nua, déanaimis machnamh ar an tábhacht a bhaineann leis an gcreideamh inár saol féin. Cé chomh minic agus a smaoinimid faoinár gcreideamh féin? Cé chomh minic is a dhéanaimid gníomh a léiríonn gur daoine le creideamh atá ionainn? Déan iarracht i rith na seachtaine seo ar bheart a dhéanamh nó focal a rá a léireoidh solas do chreideamh pearsanta do chách anseo ar scoil, nó sa bhaile.



An Mháirt Inniu Lá Féile Toirbhirt an Tiarna. Inniu tugaimid chun cuimhne gur thug Muire agus Iósaf Iósa chun an teampaill le go mbeannófaí é. Nuair a bhíodar i láthair bhuail siad le Simeon agus Anna, beirt chríonna a bhí ag fanacht leis na blianta le go bhfeicfidís an lá úd. Fáidh mór a bhí i Simeon, agus deir sé linn i Soiscéal Lúcaís go bhfuil a shúile tar éis ár slánú a fheiceáil, agus gurb é Iósa 'solas chun na náisiúin a shoilsiú'. Go n-oslófar ár súile ar nós súile Shimeon chun solas an chreidimh a lasann an tslí romhainn a fheiceáil i gcónaí, pé áir ina mbímid. Go léireoidimid an solas do chách i mbriathra agus i bhfocail ionas go lonróidh sé go geal ionainn i gcónaí.

An Chéadaoin 'Fad atá an deis againn, mar sin, déanaimis an mhaith do chách agus go háirithe do líon an chreidimh.' Gal 6: 10

Cabhraigh liom aire a thabhairt ionas go bhfeicfidh mé gach deis a thagann chugam chun maitheas a dhéanamh. Go mbeidh deis agam inniu bheith lách ionraic, foighneach agus cothrom. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh deis agam lámh chairdis a shíneadh chuig an duine i ngátar. Seans go mbeidh misneach uaim sa mhéid atá le déanamh inniu agus go mbeidh orm m'am pearsanta féin a thabhairt suas. Cabhraigh liom na deiseanna a aithint ar aon nós.

An Déardaoin *Is sibhse solas an domhain ... Bíodh bhur solas ag taitneamh os comhair daoine chun go bhfeicfidís bhur ndeaghníomhartha agus go nglóireoidís bhur nAthair atá ar neamh. Matha 5:14-16*

A Thiarna Ghrámhar, tugann tú dúshlán dúinn bheith chomh maith agus is féidir linn, agus bheith mar lóchrann do chách. Labhair an Mháthair Treasa faoi dheaghníomhartha bheith mar shlabhra an ghrá. Cad é an obair a dhéanfása inniu chun cur le slabhra an ghrá atá déanta cheana féin sa bhaile nó ar scoil? An dúshlán atá romhat inniu ná péire dheaghníomh a dhéanamh ar mhaithe le daoine eile. An féidir leat glacadh leis an dúshlán seo?

An Aoine Agus muid ag druidim le deireadh 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' déanaimid buíochas a ghabháil as na cairde, na múinteoirí, na pobail a bhaineann linn. Go mbeidh domhanthuiscint againn ar thabhartas ár n-oideachas Caitliceach. B'fhéidir nach mbíonn luach againn faoi láthair ar oideachas na scoile seo, ach go ndéanfaidh na bunluachanna a fhaighimid anseo na cinntí, na gaolta agus an bealach atá romhainn a oiliúint. Guímid le chéile an phaidir don aistear:


*Éirigh liom ar maidin,
Bí im theannta ar feadh an lae,
Cuir fáilte romham ar theacht dom.
A Thiarna, fan liom i gcónaí.*

Áiméan



2 Feabhra

Lá Féile Toirbhirt an Tiarna



Eolas faoin Íocón

Tá Naomh Íosaef ina sheasamh ar clé ar fad, an fear críonna leis an ngruaig bhán agus féasóg air. Seasann an Theotokos in aice leis agus a lámha ar leathadh aici i dtreo a mac Íosa. De réir dhúchais, bíonn sí in éide ghorm. Tá doirse an teampaill le sonrú ar chúl, agus an leanbh Íosa á iompar ag Naomh Simeon críonna, an Dia-Ghlacadóir os comhair agus os cionn na ndoirse. Taobh thiar de Naomh Simeon tá Naomh Anna Fáidh. Ar fheiceáil an linbh Íosa dá thug sí le fios do chách gurb eisean an Meisias ionchais.

Tascanna: Déan mion chur síos agus cíoradh ar an íocón leis na mic léinn.

2 Feabhra Lá Féile Toirbhirt an Tiarna

Eolas faoin Íocón

Tascanna

Léachtaí ó na Scríptúir

An Cúlra leis an Fhéile

Roinnt Oibre le Déanamh

Bain úsáid as an íocón féilteúil chun scéal na Toirbhearta a thabhairt do do mhic léinn agus cuir ainm le gach duine atá le sonrú ann. Déan cóip den íocón, gléas é agus cuir ceist ar na mic léinn é a dhathú go cúramach. Cuir an t-íocón ar taispeáint san Áit Naofa sa seomra ranga in am don Fhéile.

Léachtaí ó na Scríptúir

An Sean-Tiomna: Léivític 12:2-8

Litir: Eabhraigh 7:7-17

Soiscéal: Lúcas 2:22-40

An Cúlra leis an Fhéile

Daichead lá i ndiaidh a bhreith, tugadh go dtí Iarúsailéim é le toirbhirt don Tiarna sa Teampall, de réir dhlí Mhaois. Ag an am seo chomh maith, de réir mar atá luaite sa Dlí i Léivític 12 cuireadh deasghnáth an íonghlanta ar Mhuire. Ag an Teampall chomh maith dhearbhaigh an seanóir Simeon agus Anna Fáidh, iad líonta ag an Spiorad Naomh, gurb é an leanbh Íosa an Meisias nuabheirthe a bheadh ina thrúig leagtha agus éirithe dá lán in Iosrael.

Roinnt Oibre le Déanamh

Ar Lá Féile Toirbhirt an Tiarna beannaítear coinnle le húsáid i rith na bliana. Cuireann seo i gcuimhne dúinn gurb é Críost an solas a lonraíonn ar chách. Beir coinneal chun na heaglaise leat le go mbeannófar é. Is féidir é a lasadh sa bhaile ag am dinnéir le do mhuintir.

Labhair le do mhic léinn faoi Chríost bheith mar lóchrann don domhan. Tugann sé treoir dúinn faoin mbealach ina mairimid. Cabhraíonn sé linn an lámh in uachtar bheith againn ar an olc. Tugann sé tuiscint dúinn ar bhealaí Dé. Minigh dóibh gurb é seo an fáth le coinnle a lasadh sa séipéal, agus spreag iad le coinnle a lasadh ag gach seirbhís urnaí.



3 Feabhra Lá Féile Blaise Naofa

3 Feabhra Lá Féile Blaise Naofa

Lá Féile Blaise Naofa



Tá aithne mhaith ar Naomh Blaise mar éarlamh orthu san a mbíonn ag fulaingt le scornacha tinn. In an-chuid áiteanna ar an 3 Feabhra, a lá féile, bailíonn daoine le chéile san eaglais le haghaidh beannú na scornach. Is comhartha an bheannacht seo ar an gcreideamh agus an mhúinín atá againn i gcosaint agus i ngrá Dé do na heasláin.

Using two crossed and unlighted candles, the priest (or other minister) touches the throat of each person, saying:

Baineann an sagart/ministir úsáid as dhá choinneal neamhlasta i bhfoirm chroise le teagmháil a dhéanamh le scornacha na ndaoine i láthair, ag rá:

Áiméan

De ghnáth tarlaíonn an bheannacht ar Aifrinn, i ndiaidh an aithisc agus paidreacha an phobail. Má tharlaíonn sé taobh amuigh den Aifreann, moltar go mbeadh ceiliúradh gearr ann ar bhriathar Dé, leis na léachtaí ó na scríoptúir a luaitear sa leicseanár, sula mbronntar an bheannacht ar dhaoine.

Cérbh é Naomh Blaise agus conas a tharla sé go bhfuil clú agus cáil air de bharr beannacht na scornach? Easpag a mhair i Sebaste, i gcúige Rómhánach Airméin na Capadóice a bhí ann. Tugtar Sivas na Tuirce ar an gcathair anois. Rinneadh mairtíreach de i 316AD le linn géarleanúna a d'ordaigh Licinius, comhghuaillí agus comhimpire Chonstaintín, is cosúil. Is fíor an méid seo de réir staire dar leis an *New Roman Martyrology 2004*. San eaglais Oirthearach déantar ceiliúradh ar a Lá Féile ar 11 Feabhra, tarlaíonn sé san Iarthar ar an 3 Feabhra.

Lá Féile Blaise Naofa

Easpag agus mairtíreach a mhair i Sebaste san Airméin sa 4ú haois ba ea Naomh Blaise. Tá sé sa traidisiún go raibh sé ina dhochtúir leighis sula ndearnadh Easpag de agus gur leigheas sé buachaill a bhí á thachtadh. Tugtar onóir dó mar phátrún daoine a bhfuil tinneas scornaí orthu. Is comhartha é, beannú na scornach, dár gcreideamh i nDia a thugann aire dúinn agus a thugann grá do dhaoine atá tinn.

*Beannú na Scornach
Trí idirghuí Naomh Blaise,
Easpag agus Mairtíreach,
Go gcosnaí Dia tú ó gach éalang scornaí
agus ó gach tinneas eile,
trí Chríost ár dTiarna*

Áiméan



Lá na Seantuismitheoirí

Cuid mhór den dóchas atá againn don todhchaí ná óg agus críonna a aontú agus na deiseanna a bhíonn ann a thapú le glúine éagsúla a thabhairt le chéile. Is oidhreacht chultúrtha iad na seantuismitheoirí. Ní bhíonn deis ag cách aithne ceart a chur orthu, ach tá ádh agus beannacht orainne, an mhuintir le seantuismitheoirí inár gcomhlúadar. Is cuid riachtanach de shaol an teaghlaigh agus phobail iad na seantuismitheoirí. Is finnítithe iad le luachanna bunúsacha an tsaoil. Caithimid meas bheith againn ar na luachanna sin. I dteaghlaigh áirithe is iad na seantuismitheoirí an nasc a aontaíonn cách. Uaireanta bímid chomh gnóthach lenár ngnóthaí féin go ndéanaimid faillí in am a chaitheamh leo, nó ár ngrá is ár mbuíochas dóibh a léiriú.

I rith ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ beidh deis ann an tabhartas atá i do sheantuismitheoirí a cheiliúradh, agus an taithí atá agaibh le chéile a roinnt le pobal do scoile féin.

Is féidir na gníomhartha seo leanas a chomhlíonadh i rith na seachtaine seo:

Déan colláis de ghrianghraif a léiríonn seantuismitheoirí phobal na scoile. Cuir focail atá bainteach leis na seantuismitheoirí mórthimpeall ar an gcolláis.

Ábhar Díospóireachta: Cé chomh tábhachtach faoi láthair is atá ról na seantuismitheoirí i sochaí na hÉireann

Cuireadh: Tabhair cuireadh chun na scoile chuig seantuismitheoirí teacht chun bheith páirteach sa Tionól ar an gCéadaoin. Tabhair cuireadh dóibh fianacht a thabhairt maidir lena gcreideamh pearsanta, agus faoi conas mar a bhí cúrsaí an tsaoil dóibh féin

Scríobh Paidir: Seoladh Aontas Éireannach na Seantuismitheoirí i mí Mheán Fómhair 2009 chun ceiliúradh a dhéanamh ar ról na seantuismitheoirí i sochaí an lae inniu. Bhuail Catherine Bean Wiley, an Cathaoirleach, leis an bPápa Benedict XVI sular tharla an seoladh agus bhronn sé uirthi an phaidir do na seantuismitheoirí atá le sonrú ar leathanach 17, a chum sé féin ach go háirithe chun na seantuismitheoirí a cheiliúradh. Dúradh an phaidir seo den chéad uair i gCnoc Mhuire i mí Mheán Fómhair. Tá an tAontas ag iarraidh ar mhic léinn paidir eile a scríobh dá seantuismitheoirí agus í a chur i gcló ar an suíomh fhóraithe an urnaí ag www.NationalGrandparentsPilgrimage.com.

Agallamh: Déan agallamh a thairfead le seantuismitheoirí aonair nó le grúpaí acu.

Lá na Seantuismitheoirí

Gníomhartha





Tionól

Tionól

Áit ina mbíonn beirt nó triúr bailithe le chéile in ainm Íosa, thug sé le fios dúinn go mbíonn seisean ina measc. Cuirimid fáilte roimhe inár measc anseo ar maidin agus sinn ag smaoineamh ar feadh seal sula ndéanaimid ár n-urnaí ...

Áit Naofa

- Tugaimid mála taisteal linn mar chomhartha go bhfuil aistear á dhéanamh againn
- Tugann léarscáil eolas an bhealaigh dúinn. Baineadh úsáid as léarscáileanna mar seo leis na blianta chun an treo ceart a léiriú do dhaoine
- Tugaimid ionar ard-infheictheacht anseo le cur i gcuimhne dúinn gur cheart go mbeimis féin agus ár mbuanna os comhair an tsaol
- Tugaimid albam grianghraif lán de dhaoine atá tábhachtach dúinn féin agus do phobal na scoile
- Tugaimid uisce, rud riachtanach do thuras ar bith, a chuireann i gcuimhne dúinn go mbíonn athbhreith romhainn i gCríost
- Tugaimid an Bíobla linn, leabhar atá lán de dhóchas agus líonta de bhriathra cumhachtacha an mhuintir a d'imigh romhainn ar thuras chreidimh
- Más rud é gur tugadh cuireadh do sheantuismitheoirí bheith i láthair, d'fhéadfadh ionadaí an choinneal lasta

a thabhairt chun tosaigh le cur san Áit Naofa.

Buíochas le Ms Sinead Groarke, Scoil Mhuire agus Pádraig, Béal Átha na Muice, Contae Mhaigh Eo

🔴 Iomann Tosaigh Fáilte Romhaibh

*Is anseo a thógfar áras nua
Sin áras álainn an ghrá
Is beidh áit ag óg is aosta ann,
Inar miste le Críost faoi chách
Faoin duine cóir faoin bpeacach
Iad rachmasach nó bocht
Is anseo léireofar foinse an dóchais*
Curfá: *Fáilte is fiche Fáilte is fiche
Fáilte is fiche Isteach anseo.*

*Is anseo a thógfar áras nua
Sin áras álainn an ghrá
Is beidh cothú ann do phobal an domhain
Beidh maithiúnas ar fáil do chách.
Is labhróidh Briathar Dé ann
Thar ceann atá gan ghuth
Beidh an slánú in Arán na Beatha.*
Curfá: *Fáilte is fiche Fáilte is fiche
Fáilte is fiche Isteach anseo.*

Marty Haugen Gaeilge: Cathal Ó Catháin

Paidir Thosaigh

A Thiarna Grámhar, agus sinn bailithe le chéile anseo inniu, iarraidimid ort bheith linn agus sinn a threorú ionas gur féidir Creideamh cinnte bheith againn, agus dóchas láidir. Cuimhnimid ar na daoine sin a bhunaigh na pobail lán de chreideamh atá againn inniu. Gabhaimid buíochas as an gcreideamh domhan, an bhuanseasmhacht is an iontaofacht a bhain leo. Ná lig dúinn dearmad a dhéanamh riamh ar an oidhreacht seo ionas gur féidir linne tógáil air chun bealach an dóchais is an chreidimh a réiteach don dream a thiocfaidh inár ndiaidh.

Áiméan

Léacht 1 *Eizicéil 36:26-28*

Beidh sibh in bhur bpobal agam agus beidh mise i mo Dhia agaibh.

Léacht 2 *Eoin 15:9-17*

Ní sibhse a rinne mise a thoghadh, ach mise a rinne sibhse a thoghadh, agus a cheapadh chun go n-imeodh sibh agus toradh a thabhairt.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010



Tionól

Idirghuionna

Freagra A Thiarna éist linn

Guímis go spreagfaidh focal Dé cinnirí na hEaglaise chun ceannas cóir freagrach a thabhairt agus meas á léiriú acu don duine daonna. *Guímid chun an Tiarna*

Go leanfaimid le dea-chaidreamh a chothú ionas go mbeidh scoil fháilteach chuimsitheach ann ina bhfoghlaíonn na mic léinn i dtimpeallacht atá slán agus sona. *Guímid chun an Tiarna*

Guímid go leanann an dream atá bainteach leis an oideachas Caitliceach sa tír seo ag obair leo go dílis, agus focal Dé á scaipeadh acu le dóchas is le díograis. *Guímid chun an Tiarna*

Cuimhnímid ar ár muintir sa bhaile agus sa pharóiste a chuir leis an scoil seo, agus a chruthaigh comhlúadar dóchasach oideachasúil dúinn. *Guímid chun an Tiarna*

Go ndéanfaimid cúram den timpeallacht agus í a chaomhnú. Is tabhartas luachmhar ó neamh í, le cur ar aghaidh chun an ghlúin atá le teacht. Go ndéanfaimid nósanna an chaomhnaithe a chleachtadh i gcónaí, anseo ar scoil, sa bhaile agus sa phobal. *Guímid chun an Tiarna*

Ba iad Naomh Iochaim is Naomh Anna seantuismitheoirí Íosa, agus tuismitheoirí Mhuire. Tháingamar le chéile ar maidin agus rinneamar ceiliúradh ar sheantuismitheoirí. Cuimhnímid ach go háirithe orthusan nach féidir leo bheith i láthair, agus sinn ag éisteacht le paidir shuntasach ón bPápa Benedict XVI, in ómós do na seantuismitheoirí ar fad.

A Thiarna Íosa,

Rugadh tusa ag an Mhaighdean Mhuire, Iníon Naomh Iochaim is Naomh Anna.

Breathnaigh anuas go grámhar ar sheantuismitheoirí ar fud an domhain.

Gardáil iad! Bronnann siad saibhreas ar an teaghlach, ar an Eaglais, ar an tsochaí uile.

Tacaigí leo! De réir mar a théann siad in aois, go leanfaidh siad mar ghalláin láidre maidir le creideamh an tSoiscéil, cosantóirí ar luachanna fiúntacha an bhaile, taiscí beo de thraidisiúin luachmhara creidimh.

Go mbeidh siad mar mhúinteoirí a scaipeann críonnacht is misneach, agus go dtabharfaidh siad don ghlúin nua torthaí an taithí lánaibí dhaonna is spioradálta a rug siad leo ón saol.

A Thiarna Íosa,

cabhraigh le teaghlach, leis an tsochaí, meas a bheith acu ar láithreach agus ar ról na seantuismitheoirí.

Guímid nach ndéanfar neamhaird nó imeallú orthu, ach go mbronnfar meas is grá orthu.

Cabhraigh leo maireachtáil go sonasach ionas go mbeidh fáilte rompu i rith an tsaoil a bhronnann tú orthu.

A Mhuire, a Mháthair na mbeo uile, bíodh na seantuismitheoirí i gcónaí faoi do chúram agat.

Bí leo ar an oilithreach saoil, agus trí do phaidreacha, deonaigh go n-athaontófar gach aon teaghlach i bhFlaitheas Dé, áit ina mbíonn tú féin ag fanacht le barróg mhór an tsaoil gan críoch a chur ar chách.

Áiméan (An Pápa Benedict XVI)



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010



▶ **Iomann A Íosa**, Glan Mo Chroíse

Tionól Chun iomlán an chreidimh atá againn inniu a thabhairt chun cuimhne, abrainis Cré na nAspal le chéile

Creidim i nDia, an tAthair uilechumhachtach,
 cruthaitheoir neimhe agus talún;
 agus in Íosa Críost, a aon mhacsan, ár dTiarna,
 a gabhadh ón Spiorad Naomh,
 a rugadh ó Mhuire Ógh;
 a d'fhulaing páis faoi Phontius Píoláit,
 a céasadh ar chros, a fuair bás agus a adhlacadh;
 a chuaigh síos go hifreann, a d'éirigh an treas lá ó mhairbh;
 a chuaigh suas ar neamh; atá ina shuí ar dheis Dé, an tAthair uilechumhachtach ;
 as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.

Creidim sa Spiorad Naomh, sa NaomhEaglais Chaitliceach,
 i gcomaoin na naomh; i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne, agus sa bheatha shíoraí.

Áiméan

Paidir Dheiridh

A Thiarna Dia, go mbeimid mar fháithe den aois seo, agus finnétithe leis an gcreideamh a tugadh anuas chugainn ó na glúine d'imigh romhainn. Go mbeimid sonasach dóchasach mar Chríostaithe, lán de chreideamh is grá ionas gur féidir linn do bhriathar a scaipeadh pé áit ina mbíimid.

Áiméan

▶ **Iomann Deiridh Réir Dé**



Bíobla na Fraince Cuardach Focal



Bíobla na Fraince
Cuardach Focal

L	C	A	N	T	I	Q	U	E	S	S	D	D	S	E
S	A	J	É	R	É	M	I	E	D	O	O	A	A	U
E	S	M	U	É	S	X	M	É	E	P	L	N	I	Q
G	Z	T	E	A	U	U	B	S	U	H	E	I	D	I
U	H	É	R	N	A	S	A	O	T	O	I	E	B	T
J	S	D	C	S	T	R	O	S	É	N	M	L	A	I
M	S	E	P	H	G	A	E	J	R	I	É	E	K	V
E	I	R	U	E	I	B	T	Z	O	E	H	X	F	É
J	O	C	N	Q	R	E	A	I	N	S	É	O	H	L
X	O	E	H	E	I	C	L	E	O	B	N	D	A	E
S	S	N	V	É	H	N	İ	C	M	N	O	E	B	U
E	I	O	A	A	E	A	O	I	E	E	S	J	A	M
D	R	O	R	S	S	S	E	R	B	M	O	N	Q	A
P	I	I	R	E	H	T	S	E	H	È	O	T	U	S
P	E	E	T	S	A	I	S	É	L	C	C	E	Q	I

Aimsigh na focail seo leanas

ABDIAS	CANTIQUES	CHRONIQUES
DANIEL	DES	DEUTÉRONOME
ECCLÉSIASTE	ESAÏE	ESDRAS
ESTHER	EXODE	EZÉCHIEL
GENESE	HABAQUQ	JOB
JONAS	JOSUÉ	JOËL
JUGES	JÉRÉMIE	LAMENTATIONS
LÉVITIQUE	MICHÉE	NOMBRES
NÉHÉMIE	OSÉE	PROVERBES
PSAUMES	ROIS	RUTH
SAMUEL	SOPHONIE	ZACHARIE



Lóchrann don Uile Ghlúin

Lóchrann don Uile Ghlúin

Ábhair Riachtanach

Don tseirbhís seo beidh cóipeanna de na léachtaí tosaigh de dhíth ort don cheathrar léitheoir. Ar an mbord urnaí bíodh coinneal, Bíobla agus tóirse.

Cinnire Feictear gach uile rud trí thabhartas sholais Dé. An radharc a bhíonn againn ar aon rud daite, bíonn sé ag brath ar an solas. Chruthaigh Dia an solas le go bhféadfaimis taitneamh a bhaint as bláth, sliabh nó sruthán, nó tuar ceatha. Bhronn Dia solas an chreidimh orainn chomh maith ionas go mbeadh ár muinín go hiomlán i nDia againn ar feadh an tsaoil.

An Chéad Léitheoir Deir an Scríptúr linn:

Chonaic Dia gur mhaith é an solas, agus scar Dia an solas ón dorchadas (Geineasas 1:4)

An Dara Léitheoir Don Chríostaí, is é an solas an tsiombail den fhírinne, den dóchas, den eagna, den tsuáilce is den ghrásta, den charthanacht is de gach uile cháilíocht spioradálta a chiallaíonn go bhfuil Críost i láthair. Deir Naomh Eoin:

Ach an té a dhéanann an fhírinne, tagann sé chun an tsolais, chun go dtaispeánfaí gur i nDia a rinneadh a ghníomhartha (Eoin 3:21)

An Tríú Léitheoir Na daoine a bhíonn ag gabháil d'obair Dhé, is lóchrann don domhan iad. Deir Soiscéal Mhatha:

Ní lastar lampa chun é a chur faoi bhéal na peice, ach in airde ar an gcrann solais mar a dtugann sé solas dá mbíonn sa teach. Sibhse mar an gcéanna, bíodh bhur solas ag taitneamh os comhair daoine chun go bhfeicfidís bhur ndeaghníomhartha agus go nglóireoidís bhur nAthair atá ar neamh. (Matha 5:15-16)

An Cheathrú Léitheoir Airimid mothúcháin lán de shonas is de shoirbheachas, de mhaitheas is de ghlaineacht, de bheatha is d'áilleacht, de fhleá is d'uaisleacht de bharr an tsolais. I gceann dá litreacha, deir Naomh Pól:

Caithimis oibreacha an dorchadais uainn mar sin, agus mairimis go béasach mar dhaoine atá faoi sholas an lae (Rómhánaigh 13:12-14)

Cinnire Ag an am seo múchfaimid na soilse ar fad atá sa seomra seachas an choinneal atá ar an mbord urnaí, agus an tóirse. Tabhair faoi deara an éagsúlacht dathanna agus scáthú a bhíonn ann toisc an solas a scaipeann siad.

Múch na soilse don mhachnamh treoraithe seo, más féidir.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010



Lóchrann don Uile Ghlúin

Machnamh Treoraithe

Dún do shúile. Glac anáil dhomhain, glac suaimhneas coirp is aigne. Agus tú ag glacadh anáil, scaoil anois le gach strus, gach imní, gach aon bhuairt. Folmhaigh tú féin agus bí ar do sháimhín só agus tú ag cur tosach le turas inmheánach. Ciallaíonn an focal 'solas' easpa meáchain chomh maith, rud nach bhfuil trom, ualach éadrom.

- Tabhair faoi deara solas órga os do chionn... Féach an solas ag borradh agus é ag ainliú beo bríomhar thar mhullach do chinn ...
- Samhlaigh gurb é an solas seo solas Dé ... Féach air ag fás is ag scaipeadh de réir mar a thagann an solas timpeall ar do cheann ... Féach air mar luan réaltrach ag síothlú anuas ar mhullach do chinn ... Tabhair faoi deara do spiorad féin ag aontú is ag cumasc leis an solas seo ...
- Tabhair faoi deara an mothúchán síochánta a leanann an solas seo ... mothúchán sólásach atá anseo, amhail is gur tharla imeacht iontach álainn ar fad duit ... Glac anáil dhomhain eile ... Ba cheart go mbeadh d'aghaidh go hiomlán faoi shuaimhneas...
- Samhlaigh go bhfuil an solas órga seo ag scaipeadh anuas ó do cheann ar d'aghaidh is ar do mhúineál ... Mothaigh an teas sólásach a eascraíonn as ... Mothaigh an solas seo agus é ag scaipeadh trí do cholainn ar fad agus deonaigh go dtuigfidh tú go bhfuil Dia i ngiorracht díot
- Lig leis an mothúchán sólásach áthasach seo agus é ag glacadh seilbhe ar do chorp féin ... Seo í an lúcháir a bhíonn ort nuair a dhéanann Dia cumasc le do sholas pearsanta féin... Tá aithne níos fearr ag Dia ort ná mar atá ag aon duine eile ...
- Tugann Dia faoi deara an chuid is fearr díot, d' fhoirfeacht ... Tá fhios agat go bhfuil an mianach seo ionat féin, ach go minic ní bhíonn léargas soiléir agat air ...
- Anois, caith cúpla nóiméad ag comhrá le Dia. Glac buíochas le Dia as tabhartas seo an tsolais agus labhair le Dia faoi cibé ní is mian leat

Má bhíonn suim acu ann, tabhair cuireadh don slua caint a dhéanamh faoin mhachnamh seo, nó lig dóibh cur síos scríofa a chur sa leabhar urnaí faoi.


An Phaidir Dheiridh

Fág an choinneal agus í ag dó go geal ar an mbord urnaí. Tabhair cuireadh do dhuine de na mic léinn an tóirse a ardú mar chomhartha de sholas Dé a lonraíonn mar lóchrann don uile ghlúin, an ghlúin a d'imigh romhainn, an ghlúin atá ann faoi láthair, agus an ghlúin atá le teacht.

An Taobh Clé A Thiarna Dia, lonraíonn tú mar lóchrann do na náisiúin uile, toisc gur tusa foinse na beatha agus an tsolais.

An Taobh Dheis Táimid go mór ag brath ort an solas a chur anuas orainn ionas go mbeidh tuiscint níos fearr againn, go n-éireoidh níos fearr linn sa saol, go bhfanfaimid faoi thonn teasa do ghrá. Go raibh maith agat as an solas, agus as iomlán na dtabhartas a bhronnann tú orainn.

Áiméan





An gCreideann Tú i mBia?

An gCreideann Tú i mBia?

Oidís

Is cuid ríthábhachtach den saol é bia, agus bíonn sé suimiúil bheith ag caint le mic léinn faoin mbia a ullmhaíonn siad agus a itheann siad. An féidir breathnú ar an gcócaireacht mar bhealach chun comhrá a dhéanamh faoi thraidisiúin chreidimh? Ar na leathanaigh a leanfaidh uaidh seo buailimid le Patricia Kieran agus Catherine McNally. Tá roinnt smaointí acu a thugann deiseanna scéal creidimh nó traidisiúin cráifeach ina mbíonn bia mar bhuneilimint, a chíoradh. Déan athinsint agus iniúchadh ar bhrí an scéil leis na daltaí. B'fhéidir go dtiocfar ar mhíniú faoi conas mar a rinne pobal creidimh ceiliúradh ar an scéal nó an téacs naofa úd i bhféilte diaganta, trí dheasghnátha nó i dtraidisiúin creideamh-bhunaithe. Is féidir cuid de na rudaí seo a thriall i rith ranga Eacnamaíochta Bhaile.

Beidh gá le

125g plúr bán
Gráinnín salainn
2 ubh
300ml bainne
Taespúnóg úscra fanaile nó ceathrú thaespúnóg chainéil más gá
Ola nó im don fhriochadh

Pancóga an Charghais

Cuireann an t-oideas seo i gcuimhne dúinn conas mar a rinné Íosa troscadh san fhásach. (Matha 4: 1-11, Marcas 1:12-13, Lúcas 4, 1-2). Go traidisiúnta, itear pancóga ar Mháirt na hInide. Sula n-ullmhaíonn siad an bia seo, d'fhéadfaí plé a dhéanamh leis le mic léinn maidir le tábhacht an urnaí, an aithrí, déirce a thabhairt agus deaghníomhartha i rith shéasúir an Charghais. Déanann Caitlicigh troscadh agus ní itear feoil ar Chéadaoin an Luaithrigh nó ar Aoine an Chéasta. Baineann carnabhal Mardi Gras (Máirt na Saille) a tharlaíonn sa Bhrasaíl agus i gcuid mhaith áiteanna eile ar domhan le ceiliúradh a chríochnaíonn ar oíche Chéadaoin an Luaithrigh. Nuair a bhí seantuismitheoirí na mac léinn ag fás aníos (roimh 1966) bhí troscadh an Charghais níos déine ná mar atá anois, agus cuid mhaith Caitliceach ní ithidís ubh ar bith i rith an tséasúir, nuair nach raibh ach béile maith amháin agus dhá cholláid ceadaithe. Bhaineadh Caitlicigh úsáid as aon ubh a bhí acu roimh an gCarghas trí bhia lán d'uibheacha, ar nós pancóga, a ullmhú. Cnuasaíodh na huibheacha a rug na cearca i rith an Charghais agus bhíodh barraíocht uibheacha ann don Cháisc. Ar theacht abhaile ón Aifreann dóibh ar maidin Chásca bhí féasta d'uibheacha beirthe, friochta nó scallta ag daoine! Abair leis na daltaí ceist a chur ar na seantuismitheoirí nó baill eile den phobal faoi na cuimhní atá acu maidir le troscadh na Cásca. D'fhéadfaí ceist a chur orthu chomh maith faoin gcuimhne atá acu maidir le Máirt na hInide.

Modh Criathraigh an plúr. Caith isteach an salann. Déan poll i lár. Bris na huibheacha isteach ann agus cuir an bainne leis go mall chun fuidreamh mín a dhéanamh. Cuir an ola/im isteach sa fhriochtán ag meánteocht, fan go leánn, agus cuir iomlán léiche den mheascán pancóige isteach. Cas nó déan a shuaitheadh nuair a bhíonn dath éadrom donn ar an bpancóg.

Beidh gá le

200g Uachtar Reoite Fanaile
3 spúnóg bhoird Meala
3 chupán bainne
Gloiní
Cumascóir Leictreach

Caoineog an Tír Tairngire Creathán Tír an Bhainne is na Meala

Bealach fileata le cur síos ar an Tír Tairngire ná 'tír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda' a thabhairt uirthi. Déantar tagairt anseo do thír na gCanánach a gealladh do Abrahám, do Íosac agus do Iacób, agus go bhfaca Maois ar deireadh, ach nár leag sé cos air sula bhfuair sé bás. (Deot 34:4). Baintear úsáid as an nathán 'an tír tairngire' le cur síos a dhéanamh ar áit iontach a mbíonn géarghá ag duine fáil chuige. Déantar cur síos ar Canán mar áit álainn thorthúil lán de gach rud deas. Déan chíoradh le do mhic léinn ar scéal Mhaois agus an tír tairngire a gheall Dia ar an gcéad dul síos do Abraham agus dá shliocht. (Deot 34:4). Faigh léarscáil agus déan suíomh na hÉigipte agus an Chanáin a lorg air. Tá soláthar léarscáil le fáil ag <http://www.bible.ca/maps/maps-the-exodus.htm>. Tháinig mé anuas chun iad a fhuascailt as lámha na nÉigipteach agus chun iad a sheoladh as an tír sin isteach i dtír mhéith fhairsing, i dtír ina bhfuil bainne agus mil ina slaoda, i dtír na gCanánach agus na Hiteach, na nAmórach agus an bPirizeach, na Hiveach agus na labúsach. Eaxodus 3:8

Modh Bain úsáid as an gcumascóir chun meascán sách mín a dhéanamh. Cuir leis an méid bainne nó meala de réir mar a oireann duit. Cuir i gcuimhne do na daltaí gur talamh thorthúil a bhí sa cheantar seo.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010

Beidh gá le

60g plúr bán

125g min choirce
chalógach

Gráinnín salainn

1 taespúnóg
leibhéalta púdar
bácála

60g margairín

Arán Coirce Loch Dearg

Is cuid bhunúsach den traidisiún Caitliceach é an troscadh. Go deimhin, déanann Caitlicigh troscadh roimh Aifreann agus ní ghlacann siad ach leigheas nó uisce ar feadh uair a' chloig sula n-itheann siad Arán na Beatha. Tá áit ag an troscadh sa traidisiún Críostaí agus sa traidisiún Giúdach leis na mílte bliain. I nDeot 9:7-21 deirtear linn go ndearna Maois troscadh ar feadh daichead lá agus daichead oíche roimh agus i ndiaidh dó glacadh leis na cláir chloiche a raibh an conradh greanta orthu. Rinne Íosa troscadh san fhásach. I rith an ama 'níor ith sé aon ní sna laethanta sin, agus nuair a bhí siad caite bhí ocras air' (Lúcás 4:2; Matha 4:2). Nuair a thiontaigh Naomh Pól de bharr na heachtra ar an mbóthar chun na Damaisce, rinne sé troscadh ar feadh trí lá. In Éirinn, tá traidisiún fada den troscadh ann a bhaineann le Naomh Pádraig. De réir an tseanchais chaith Pádraig daichead lá ag troscadh cosnocht ar oileán naofa Loch Dearg i gContae Dhún na nGall. Tá an traidisiún a nascann troscadh le Loch Dearg ag dul siar ar feadh míle bliain. <http://www.loughderg.ie/index.cfm/area/information/page/about>. Tagann oilithrigh an lae inniu ó gach cearn d'Éire agus den domhan uile chun trí lá a chaitheamh ag guí agus ag troscadh ar Loch Dearg. Fhad is a bhíonn siad ar an oileán bíonn béile amháin d'arán coirce nó arán tíortha tirim le tae nó caife dubh acu in aghaidh an lae. Cén fáth go ndéanfadh daoine a leithéid? Agus an t-arán coirce seo á dhéanamh agaibh, cén fáth nach bpléifí tábhacht an troscadh leis na daltaí? Éard atá i gceist leis an troscadh ná gan an gnáthmhéid bia a ithe agus ag an am céanna casadh chun Críost agus leithscéal á gabháil againn don am sin nár thaispeánamar grá inár saoil. Nuair a bhíonn siad ag troscadh léiríonn Críostaithe dlúthpháirtíocht leis na sluaite sin nach mbíonn bia go leor le hithe acu. Ciallaíonn an troscadh go seasaimid siar ó chúrsaí an lae a dhéanaimid gan smaoiniamh, chun urnaí agus machnamh a dhéanamh ionas gur féidir linn ár saoil a dhíriú ar Chríost, ar dhaoine agus orainn féin.

Modh Déan an sorn a réamhthéamh go meánteocht, gás 4/180C. Measc an mhín choirce, plúr, púdar bácála agus salann le chéile. Gearr an margairín ina chnapáin, agus cuimil isteach sa mheascán plúrach é. Cuir cúpla spúnóg uisce leis lena cheangal le chéile. Déan an taos a fhuineadh go mbíonn sé mín. Rollaigh ar dhromchla atá clúdaithe go héadrom le plúr é go mbíonn tiús 3–5mm leis. Gearr ciorcail as agus cuir na briosaí ar leathán bácála agus bácáil i lár an tsoirn iad ar feadh 15–20 nóiméad nó go mbíonn dath éadrom donn orthu. Bain den sorn iad agus cuir ar raca sreinge iad le go bhfuairíodh siad go hiomlán.

Don reoán ime

280g im bog

560g siúcra reoáin

2–4 spúnóg bhoird
bainne

1 Taespúnóg úscra
fanaile

* Cuir spúnóg
mhilseoige de
phúdar cócó leis
chun reoán
seacláide bheith
agat

Císte Chros Bhríde

Cuireadh an t-oideas seo le chéile chun císte amháin a bhfoirm Chros Bhríde a dhéanamh don rang ar fad. Rinneadh cros Bhríde de réir traidisiún ar an 1 Feabhra, a Lá Féile. Tugtar Muire na nGael go minic ar Naomh Bríd Chill Dara. Is ise éarlámh na ndaoine sin i dtionscal na déiríochta, agus tá iliomad scéalta ann faoin bhflaithiúlacht a bhronn sí orthusan a bhí i ngátar. ? Agus an císte ranga seo á dhéanamh agaibh, cén fáth nach bpléifí scéalta a bhaineann le Bríd leis na daltaí? D'fhéadfaí na cinn a bhaineann leis an déiríocht a chíoradh, agus an uair a bhronn sí tobán ime a hathair ar na bochtáin ach go háirithe Baineann an t-oideas atá anseo leis an reoán. Chun an císte féin a dhéanamh beidh gá le ceithre rollóg Eilvéiseacha a cheannach, dhá cheann seacláide agus dhá ghnáthcheann má oireann. Chun bun chiste Naomh Bríd a dhéanamh faigh tráidire leathan agus clúdaigh le scragall stáin é. Leag na rollóga Eilvéiseacha i bhfoirm Chros Bhríde ar an tráidire.

Modh Buail an t-im le chéile go mbíonn sé bog. Cuir isteach leath den siúcra agus déan meascán mín de. Ansin cuir an chuid eile den siúcra leis chomh maith le spúnóg bhainne. Buail go mbíonn sé uachtarúil, cuir an t-úscra fanaile leis agus measc. Cuir go leor siúcra reoáin nó braon bainne leis ionas go mbeidh tiús oiriúnach leis an meascán. Leath an reoán ime ar na ceithre rollóg Eilvéiseacha suite i bhfoirm Chros Bhríde. Ar mhaith leat pátrún a dhéanamh ar an reoán ime trí bheangáin fhoirc a tharraing go bog ar bharr an chiste? Dá gcuirfeá leamhacháin nó mionbhruar anuas ar an gciste, bheadh cuma thar a bheith féiliúil air. Roinn leis an rang.



Bliain na Sagart 2009–2010

Gníomhartha

Naomh Eoin Vianney

Bliain na Sagart 2009–2010

D'fhógair an Pápa Benedict XVI gurb í an bhliain seo 'Bliain na Sagart'. Ba cheart go mbeadh buntáistí ag baint leis seo ní hamháin do na sagairt ach do gach aon bhall den eaglais chomh maith. Tugann sagairt a saoil ar mhaithe linne, caitheann siad a beatha ag freastal orainne. Dá bhrí sin is dúinne chomh maith an bhliain atá tiomnaithe dóibh. I rith na bliana speisialta seo bailigh chugat féin eolas bunúsach maidir leis an tsagartacht.

Tá iomlán mhuintir na hEaglaise mar Phobal Sagartúil ach is é Críost an sagart fíor. Trí bhaisteadh is ea glacaimid páirt ina shagartacht. Tá dhá bhealach mar sin ann chun sagartacht Chríost a roinnt:

- sagartacht comónta na ndaoine a baisteadh
- an tsagartacht aire a chleachtann sagairt agus easpaig

Bíonn an tsagartacht aire ag freastal ar an tsagartacht comónta. Caitheann na sagairt a beatha ag freastal orainne. Míníonn an Eaglais dúinn go gciallaíonn an tsagartacht go mbítear ag freastal orainne. Freastalaíonn an sagart orainn ar thrí bhealaí éagsúla, trí mhúineadh, trí chleachtas chrábhaidh agus trí cheannaireacht thréadúil. Bealach amháin ina dtógann agus ina dtreoraíonn Críost muintir na hEaglaise is ea an tsagartacht aire. Dá bhrí sin is bronntanas ó Neamh dúinne gach sagart.

Is é an t-oirniú an gníomh sacraimintíúil a thugann fear go hiomlán isteach in ord na n-easpag, na sagart, na ndeagánach. Nuair a oirnítear fear bronntar air an Spiorad Naomh, rud a chuireann ar a chumas an chumhacht dhiaga atá aige a chur ar láimh na gcreidmheach. Ní thagann an chumhacht dhiaga seo ach amháin ó Chríost, trína Eaglais.

Gníomhartha:

Cum aiste atá bunaithe ar cheann de na téamaí seo:

- 'An Bhrí Atá Le Glao Chun na Sagartachta'
- 'Sagart a Raibh Tionchar Aige Ormsa Nó Ar an Scoil Seo'

Naomh Eoin Vianney

Cérbh é Eoin Vianney? Rugadh é ar an 8 Bealtaine 1786 agus fuair sé bás ar an 4 Lúnasa 1859. Bíodh is go raibh iliomad deacrachtaí aige maidir le seirbhís mhíleata, streachailt acadúil, agus comhthéacs frithchléireach Réabhlóid na Fraince, oirníodh mar shagart é ar an 13 Lúnasa 1815. D'oibrigh sé mar shagart cúnta in Ecully agus mar shagart paróiste in Ars, áit ina raibh clú agus cáil air de bharr a naofacht agus an bunathrú chun feabhais spioradálta a chuir sé ar an bparóiste agus ar an timpeallacht. Bhí ainm in airde air de bharr sacraimint na haithrí, agus is minic a chaith sé ocht n-uaire a' chloig dhéag ag éisteacht faoistine. Canónaíodh é sa bhliain 1925.

Déan saol agus sagartacht Eoin Vianney a phlé i ngrúpaí beaga, agus déan clárú ar na torthaí a fhaigheann sibh. Cuir na torthaí seo os comhair an ranga. Déan caint faoi na fáthanna le gur canónaíodh é.

Bhí aithne ar Eoin Vianney mar dhuine a thug a ghiuirléidí uaidh, nó a rinne an iarmhais ábhartha a bhí aige a dhíol chun bia a cheannach do na bochtáin. Cuir dúshlán roimh na mic léinn teacht ar bhealaí chun riachtanais na ndaoine atá i ngátar ag leibhéal an phobail nó an chomhludair a aithint. Socraigh ar thionscadal a bhunú a chabhróidh leis na bochtáin trí thabhartais charthanacha a scaipeadh nó socraigh ar ócáid tiomsaithe airgid a réachtáil. D'fhéadfadh an tionscadal seo tarlú ar scoil nó ar fud an pharóiste, faoi choimirce Naomh Eoin Vianney, agus paidreacha á rá chuige i rith an tionscadail. Is féidir an tionscadal seo a réachtáil ar feadh bliana, le ranganna éagsúla in aghaidh na míosa ag déanamh urraíochta ar an gcartanacht is ansa leo.



'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha' Cuardach Focal



Déan an tábhacht a bhaineann leis na focail seo a chíoradh leis an rang.

'Seachtain na
Scoileanna
Caitliceacha'
Cuardach Focal



Aimsigh na focail seo leanas

POBAL	CREIDEAMH	CUIMSITHEACH
COMHPHÁIRTÍOCHT	FREASTAIL	OIDEACHAS
IOMLÁNAÍOCH	CEART	REILIGIÚN
TRADISIÚN	ÉITEAS	DÓCHAS
PARÓISTE	MEAS	



Plean Ceachta

An Pobal agus an Ghairm

Cuardach Focal Gairme

Plean Ceachta

An Pobal agus an Ghairm

Spriocanna:

- Cabhrú leis na mic léinn an bhrí atá le pobal a thuiscint
- Léargas domhain a fháil faoin mbrí atá le gairm agus an foclóir a ghabhann leis
- A thuiscint go gciallaíonn gairm, glao chun freastail i do phobal agus i do pharóiste féin
- An ról a bhíonn ag duine sa phobal áitiúil a thuiscint

Cur i Láthair:

- Scríobh an focal 'Pobal' ar an gclár bán
- Déan an tuiscint atá acu faoi phobal a chíoradh agus a chlárú go cuimsitheach

Forleathnú:

- Mínigh an bhrí eochrach de phobal ná comhluadar daoine le nasc faoi leith eatarthu
- Déan cur síos ar na cineálacha éagsúla pobail i dtimpeallacht na scoile
- Scaip an leathanach saothair le téarmaí eochracha na gairme air
- Léigh an leathanach saothair agus freagair na ceisteanna
- Téigh siar ar na rudaí atá foghlamtha agus déan conclúid futhu

Clabhsúr: Comhlánaigh an tomhas.

Aimsigh na focail seo leanas

CLOCHAR

NAOFA

TUATAÍ

BEATHA

MACHNAMH

BEAN RIALTA

ORD

OIRNIÚ

SAGART

DIAGANTA

CLIARSCOIL

GAIRM

MÓIDEANNA

MAINISTIR

Cuardach Focal Gairme





Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010



31 Eanáir 2010
Aifreann le Tús a Chur le
‘Seachtain na Scoileanna
Caitliceacha’

31 Eanáir 2010 Aifreann le Tús a Chur le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’

Loinneog Iontrála A Thiarna Dia, sábháil sinn agus bailigh le chéile sinn ó na náisiúin uile ionas gur féidir linn d’ainm naofa a chraobhscaoileadh agus glóir a thabhairt do do mholadh.

Ráiteas Tosaigh Cuirimid tús inniu le ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’. Déanaimid ceiliúradh ar, agus gabhaimid buíochas as na bronntanais a thugann an tOideachas Caitliceach chuig ár dteaghlach, ár bparóiste agus ár sochaí. Guímid chomh maith go leanfaidh ár scoileanna ar dhaoine lándóchasacha a oiliúint a bheidh mar ‘lóchrann don uile ghlúin’.

An Chéad Phaidir Guímis (*Tiarna na beatha á mholadh le chéile againn, óir is sinne a phobal*)

Ár nAthair ar Neamh, ó laethanta Abrahám agus Maois i leith

Go dtí gur tháingamar, d’Eaglais, le chéile anseo le hurnaí a dhéanamh,

Rinne tú daoine a mhúnlú mar íomhá de do Mhac féin.

Beannaigh do mhuintir anseo le bronntanais do Ríochta féin.

Go ndéanfaimid freastal ort lenár mianta uile,

Agus grá a léiriú dá chéile de réir mar a léirigh tusa do ghrá dúinne. Cuirimid an phaidir seo trí Chríost ár dTiarna,

Áiméan

Liotúirge an Bhriathair

An Chéad Léacht *Irimia 1: 4, 5: 17-19*

Léacht ó leabhar Irimia fáidh

D’ordaigh mé thú i d’fháidh do na ciníocha.

I laethanta Íoisíá tháinig briathar an Tiarna chugam, á rá, “Sular chum mé thú sa bhroinn bhí aithne agam ort; sular rugadh thú choisric mé thú; d’ordaigh mé thú i d’fháidh do na ciníocha. Tusa, crioslaigh thú féin mar sin chun comhraic. Éirigh agus abair leo gach a n-ordaímse duit. Ná bíodh eagla ort ina bhfianaise, ar fhaitíos go gcuirfinnse eagla ort ina bhfianaise. I dtaca

liomsa de, déanfaidh mise díot inniu cathair dhaingean, cuaille iarainn, agus balla práis in aghaidh na tíre seo go hiomlán, in aghaidh ríthe Iúdá, in aghaidh a prionsaí, a sagart agus mhuintir na tíre. Troidfidh siad i d’aghaidh, ach ní bhéarfaidh siad bua ort, óir táimse leat agus tusa faoi mo choimirce – is é an Tiarna a labhraíonn”.

Sin é Briathar Dé.

Salm 70 1-6, 15. 17 r. 15

Freagra: Fógróidh mo bhéal d’fhiréantacht

Ortsa a Thiarna atá mo thriall
Nár dhéantar mo náiriú go deo
Fuascail mé i d’fhiréantacht agus saor mé
Claon chugam do chluas agus tarrthaigh mé.
Freagra

Bí agam i do charraig dhíne
I do dhúnfort daingean do mo tharrtháil
Óir is tú mo charraig is mo dhún
Fuascail mé as láimh an urchóidigh
Freagra

Óir is leat atá mé ag feitheamh a Thiarna
A Dhia is tú mo dhóchas ó m’óige
Is ort atá mo sheasamh ó rugadh mé
Ó bhroinn mo mháthar ba thú mo dhídean’
Freagra

Is lán mo bhéal de do mholadh
Agus de do ghlóir ar feadh an lae
Thug tú teagasc dom ó m’óige a Dhia
Agus bhíos ag fógairt do mhóréachtaí go dtí seo
Freagra



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010



31 Eanáir 2010
Aifreann le Tús a
Chur le ‘Seachtain
na Scoileanna
Caitliceacha’

An Dara Léacht 1 Corantaigh 12:31–13:13

Sliocht ó Chéad Litir Naomh Pól chuig na Corantaigh

Tá trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh dóchas agus grá, ach is é an grá an ní is mó orthusan.

Is ar na tíolachtaí is tábhachtaí ba cheart tóir a bheith agaibh agus táimse chun ríbhéalach a thaispeáint daoibh. Má labhraím i dteangacha daoine agus aingeal ach gan aon ghrá a bheith agam, níl ionam ach mar a bheadh prás ag fuaimneach nó ciombail ag clingeadh. Má tá bua fáidheoireachta agam, eolas ar gach rúndiamhair agus fios gach ní agam agus oiread lán-chreidimh agam agus a d’aistreadh na sléibhte ach gan aon ghrá a bheith agam, is neamhní mé. Má roinnim amach mo mhaoin shaolta go léir, agus má thugaim suas mo chorp le dó, ach gan aon ghrá a bheith agam, ní aon tairbhe dom é.

Bíonn an grá foighneach agus bíonn sé lách; ní bhíonn éad air; ní dhéanann sé maíomh ná mórtas; ní bhíonn sé mímhúinte ná leithleasach, míchéadfach ná agrach. Ní áil leis an éagóir ach is aobhinn leis an mhaith. Bíonn sé lán

d’fhadfhulaingt, lán de chreideamh, lán de dhóchas agus lán d’fhoighne. Rachaidh an fáidheoireacht ar ceal, rachaidh na teangacha dá dtost, agus rachaidh an t-eolas ar neamhní, ach ní rachaidh an grá i léig go deo. Mar tá ár gcuid eolais easnamhach agus tá ár bhfáidheoireacht easnamhach; agus nuair a thiocfaidh ann an rud foirfe, rachaidh an rud easnamhach ar neamhní. Fad a bhí mé i mo leanbh, bhí caint agus meon agus réasún an linbh agam, ach ar m’éirí suas i m’fhear dom, d’fhág mé bealaí an linbh i mo dhiaidh. Faoi láthair ní fheicimid ach mar a bheadh scáil go doiléir i scáthán ach ar ball gheobhaimid radharc aghaidh ar aghaidh air. Níl ach breaceolas agam faoi láthair ach beidh eolas iomlán agam ar ball, chomh hiomlán leis an eolas atá orm. Tá trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh, dóchas, agus grá, ach is é an grá an ní is mó orthusan.

Sin é Briathar Dé.



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010

Gairm an tSoiscéil *Lúcás 4:18*

Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógairt a scaoilte do bhránna

Soiscéal Lúcas *Lúcás 4:21-30*

Léacht ón Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcas

Ar nós Éilias agus Eiliseá ní chuig na Giúdaigh amháin a cuireadh Íosa.

Agus thosaigh Íosa ag rá leo sa tsionagóg: “Inniu atá an scríbhinn seo comhlionta i gcos bhur gcluas.” Agus thug cách fianaise air, b’ionadh leo na briathra grástúla a bhí ag teacht as a bhéal, agus deiridís: “Nach é mac Iosaef é seo?”

Agus dúirt sé leo: “Gan amhras, tagróidh sibh liom an seanfhocal: ‘A lia, leighis tú féin. Na nithe a chualamar déanta i gCafarnaum, déan anseo iad freisin i do dhúiche féin.’ Ach dúirt sé: “Deirim libh go fírinneach, fáidh ar bith ní ghlactar ina dhúiche féin.

Ach go deimhin deirim libh, bhí mórán baintreach in Iosrael i laethanta Éilias, nuair a bhí an spéir dúnta ar feadh trí mbliain agus sé mhí, ionas go raibh gorta mór sa tír go léir, agus ní chun aon duine acu a cuireadh Éilias ach chun mná baintrí i Saireipte i dtír na Siodóine. Agus bhí mórán lobhar in Iosrael le linn Eiliseá fáidh, ach aon duine acu sin níor glanadh ach Námán an Suíreach.”

Agus a raibh sa tsionagóg, nuair a chuala siad an méid sin, líon siad d’fheirg, agus d’éirigh siad agus thiomáin amach as an gcathair é agus sheol é go dtí mala an chnoic ar a raibh a gcathair tógtha chun é a chaitheamh le fail. Ach ghabh sé trína lár agus d’imigh leis.

Sin é Soiscéal Dé



31 Eanáir 2010
Aifreann le Tús a
Chur le ‘Seachtain
na Scoileanna
Caitliceacha’



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2010



31 Eanáir 2010
Aifreann le Tús a
Chur le ‘Seachtain
na Scoileanna
Caitliceacha’

Paidreacha an Phobail

Ceiliúraí: Tugaimid ár n-urnaí anois i láthair Dé a chruthaigh an uile dhuine againn ina íomhá féin ionas go líonfaimis an domhan uile lena ghrá is lena shíocháin.

Ar son na hEaglaise: go bhfeidhmeoimid le chéile mar lóchrann an dóchais, an chirt agus na macántachta.

A Thiarna Éist Linn

Ar son na gCríostaithe uile: go mbeidh ar ár gcumas freagra ceart a thabhairt do bhronntanais an Spioraid agus bheith mar fháithe lenár linn féin, ag saothrú le chéile ar mhaithe le saol a chruthú ina mbeidh meas ar chách agus beathú don uile dhuine.

A Thiarna Éist Linn

Ar son an Chreidimh: Go gcaithfimid ár saoil le croí géarchúiseach agus muinín againn i nDia an Ghrá.

A Thiarna Éist Linn

Ar son na Scoileanna Caitliceacha agus ar son gach duine páirteach san oideachas, na múinteoirí, na riarthóirí, na daltaí is na tuismitheoirí: go múnlóidh Spiorad Dé a gcroíthe ionas gur foinse dóchais agus solais a bheidh iontu don chomhlúadar chomh maith leis an bpobal.

A Thiarna Éist Linn

Ar son na bpáistí is na n-ógánach ar fad: go ndéanfar iad a chosaint i gcónaí, go dtugtar cabhair dóibh fás agus forbairt a dhéanamh trí ghaolta slána cothaitheacha.

A Thiarna Éist Linn

Ar son na n-easlán agus daoine i ngátar ag an am seo: Go bhfaighe siad neart ón ngrá atá mórthimpeall orthu agus go dtacóidh a muintir, an paróiste is an pobal ar fad go gníomhach leo.

A Thiarna Éist Linn

Ar son na ndaoine a fuair bás le déanaí, N & N ach go háirithe, agus na mairbh uile: Go mbeidh síocháin Chríost acu agus sinne ag gabháil buíochais as an saibhreas a bhronn siad ar ár saoil féin.

A Thiarna Éist Linn

Ceiliúraí A Thiarna Dia an Cruthaitheoir, cuirimid ár bpaidreacha id’ láthair trí Chríost do Mhac ár dTiarna, ár lóchrann is ár ndóchas. Éist linn agus tabhair freagra cuí ar na paidreacha a ofrálaimid trí Íosa Críost ár dTiarna.

Áiméan



Machnamh do Bhaill an Bhoird Bainistíochta/ Gobharnóirí agus don Fhoireann

Machnamh do Bhaill an Bhoird Bainistíochta/ Gobharnóirí agus don Fhoireann

Is féidir machnamh gearr do bhaill fhoirne agus baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí faoi “Cad is Scoil Chaitliceach ann?” a bhunú ar an méid atá thíos, i rith ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ 2010.

Le fiche bliain anuas tá athrú suntasach tagtha ar thír na hÉireann. Tá sí níos ilchineálaí ó thaobh chreidimh agus ó thaobh chultúir de. Bhí tionchar nach beag ag na hathruithe seo ar leagan amach an oideachais, agus mar a tharlaíonn maidir le gach cineál athraithe, bíonn ceisteanna áirithe le cur. I rith ‘Seachtain na Scoileanna Caitliceacha’ beidh deis ag baill fhoirne agus baill den Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí am a chaitheamh ag machnamh ar na ceisteanna seo ag cruinnithe foirne nó cruinnithe de na Boird Bhainistíochta.

Tá stair agus traidisiún faoi leith ag baint leis an Oideachas Caitliceach a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile. Caithfidh gach uile ghlúin machnamh a dhéanamh faoin stair agus faoin traidisiún seo, faoi na scríbhinní a bhaineann leis, agus meastachán a dhéanamh faoin ábharthacht a bhaineann leis i saol an lae inniu, agus conas is féidir é a fhorbairt don toadhcháí.

Tá an ráiteas thíos le fáil san Eolaire Ginearálta Caitlicéise don Eaglais Chaitliceach n.259.

‘Is *locus* rithábachtach í an scoil Chaitliceach don fhoirmiú Críostaí agus daonna. Déanann fógra an Dara Comhairle Vatacánach, *Gravissimum Educationis* “athrú cinniúnach i stair na scoileanna Caitliceacha: an t-athrú ón scoil bheith mar institiúid, go dtí an staid ina mbíonn an scoil mar phobal”. Bíonn an scoil Chaitliceach “chomh díograiseach le cách maidir le cur chun cinn an chultúir agus i bhfoirmiú na ndaoine óg. Tá gnó faoi leith áfach ag an scoil Chaitliceach maidir le:

- Forbairt a dhéanamh i measc pobal na scoile ar atmaisféar atá ainmnithe ag spiorad na saoirse is na carthanachta;
- Cur le cumas an aois óige a gcuid pearsantacht féin a fhorleathnú, ach ag an am céanna iad bheith ag fás agus ag forbairt sa saol nua a bronnadh orthu trína baisteadh;
- Iomlán an chultúir dhaonna a iompú i dtreo dea-scéala an tslánaithe”.

Caithfear obair oideachasúil na scoileanna Caitliceacha a fhorbairt de réir an coincheap seo a mhol an Dara Comhairle Vatacánach.¹

¹ Congregation for the Clergy, General Directory for Catechesis, Rome 1997, n.259.



Machnamh do Bhaill an Bhoird Bainistíochta/ Gobharnóirí agus don Fhoireann

Ceisteanna le Plé

Paidreacha

Ceisteanna le Plé:

1. Sa sliocht seo tagaimid ar an fhocal 'Caitliceach'. Ní réaltacht neamhspleách an Caitliceachas. Sa leabhar *Catholicism* (1994), míníonn Richard McBrien go ndéanann an focal 'Caitliceach' maolú ar an fhocal 'Críostaí', agus gurb é an focal 'Críostaí' maolú ar an fhocal 'diaganta', agus gurb é an focal 'diaganta' maolú ar an fhocal 'daonna'. Cén tuiscint atá againne ar an fhocal 'Caitliceach'? An ndéanann sé tagairt do dhuine nó do phobal, do pharóiste nó don teaghlach atá fréamhaithe i dtraidisiún Críostaí Caitliceachas na Róimhe?
2. Conas mar a léirítear an creideamh Caitliceach go beo taobh istigh den scoil seo againne? Conas a dhéanaimid mar Bhord Bainistíochta/Gobharnóirí nó mar fhoireann *'cur le cumas an aois óig a gcuid pearsantacht féin a fhorleathnú, ach ag an am céanna iad bheith ag fás agus ag forbairt sa saol nua a bronnadh orthu trína baisteadh'*²
3. Tagann an focal Caitliceach ón fhocal Ghréagach *kath'holou* a chiallaíonn 'de réir an iomláin', agus tá comhshonruithe aige le fáiltiú agus uilíocht. An bhfeidhmíonn ár scoil mar phobal fáilteach *'atá ainmnithe ag spiorad na saoirse is na carthanachta'*³ do chách?
4. Conas mar a spreagaimid na mic léinn agus an fhoireann chun bheith mar fhinnéithe leis an gcreideamh Caitliceach atá acu agus é a chur i bhfeidhm go beo ar fud an tsaoil? An bhfuil ról claochlaithe chun feabhais ag an scoil seo againne?

B'fhéidir gur mhaith libh an díospóireacht a thosú nó a chríochnú leis an bpaidir seo

Paidir don Fhoireann

A Íosa ár dTiarna is ár nOide! Mhúin tú le húdarás is le comhbhá sinn. Rinne tú idirghabháil i saol an oiread sin daoine a bhí ag lorg tuisceana, ag lorg an leighis, agus an rud ba mhó a bhí uathu ná cluas le héisteacht leo. Cabhraigh linne bheith mar dhaoine údarásacha comhbhácha i bpobal na scoile seo. Go mbeidh tionchar grámhar grástúil againn ar shaol agus ar spioraid na ndaoine atá faoinár gcúram againn. Go lorgaimid an fhoirfeacht inár ndaltaí agus go mbeimid ag súil leis an rud is fearr ionainne ar fad, a aimsiú i gcónaí. Go mbeidh croíthe oscailte againn i gcónaí le do ghuth féin is do ghrá a bhraith, agus go mbeimid, dála gach uile dhuine a thugann scolaíocht chóir, mar lóchrainn gheala a lonraíonn ar phobail na scoileanna le dóchas croí.

Áiméan

Paidir do Bhaill Bhoird Bainistíochta/ Gobharnóirí

A Thiarna Íosa Críost, bailimid le chéile anseo ag saothrú i d'ainm ar mhaithe le leas na scoile. Tuigimid go bhfuil tú inár measc agus sinn ag déanamh machnaimh faoi na ceisteanna atá romhainn ag an gcruinniú seo. Treoraigh sinn i ngach a dhéanaimid, agus bronn orainn an tuiscint, an eagna, an mhuinín, an grásta a thagann ón Spiorad Naomh chun cinntí cearta a dhéanamh. Go mbeidh toradh fúntach ar an saothar a dhéanaimid inniu, a chinnteoidh go leanfaidh an scoil seo mar phobal oscailte, cóir, comhbhách síochánta. Go mbeidh áit lárnach agat féin i ngach a dhéanaimid. Guímid ár bpaidir trí Chríost Ár dTiarna

Áiméan

² Ibid, n.259

³ Ibid, n.259

